

- 3) Ní mór Airteagal 3(2) agus pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Uimh. 1370/2007, arna leasú ag Rialachán 2016/2338.

a léirmhíniú sa chaoi:

nach mór cúiteamh, i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhoífar agus ar ioncam a ghnífeadh i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí taraife a bhunófar le rialacha ginearálta, a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraí a chinneadh d'aicmí áirithe de na paisinéirí, a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 4 go 6 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, ar dhóigh a sheachnóidh an róchúiteamh. Ní féidir leis an gcúiteamh dul thar mhéid a fhreagraíonn don ghlanéifeacht airgeadais ar coibhéis le hiomlán na n-éifeachtaí, cibé deimhneach nó diúltach, a bheidh ag comhlíonadh na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar chostais agus ar ioncam an oibreora seirbhíse poiblí, a mheastar trí chomparáid a dhéanamh idir an staid ina gcomhalltar an oibleagáid seirbhíse poiblí agus an staid a bheadh ann mura ndéanfaí an oibleagáid a chomhall.

⁽¹⁾ IO C 35, 01.02.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 7 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón
Rechtbank Den Haag, zittingsplaats Amstardam – an Ísiltír) – E.K. v Staatssecretaris van Justitie en
Veiligheid**

(Cás C-624/20) ⁽¹⁾

*(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2003/109/CE – Stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha
iad – Raon feidhme – Náisiúnach ó thríú tír ag a bhfuil ceart cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE aige –
Airteagal 3(2)(e) – Cónaí ar chúiseanna sealadacha amháin – Coincheap uathrialach de chuid dhlí an
Aontais)*

(2022/C 408/12)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Den Haag, zittingsplaats Amstardam

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: E.K.

Cosantóir: Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid

An chuid oibríochtúil

1. Ní mór Airteagal 3(2)(e) de Threoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad a léirmhíniú sa chaoi gur coincheap uathrialach de dhlí an Aontais é coincheap an chónaithe “ar chúiseanna sealadacha amháin”, dá dtagraítear ann, nach mór a léirmhíniú go haonfhoirmeach ar chríoch na mBallstát go léir.
2. Ní mór Airteagal 3(2)(e) de Threoir 2003/109 a léirmhíniú sa chaoi nach gcumhdaíonn coincheap an chónaithe “ar chúiseanna sealadacha amháin”, dá dtagraítear ann, cónaí náisiúnaigh tríú tír faoi Airteagal 20 CFAE ar chríoch an Bhallstáit ar náisiúnach de an saoránach den Aontas lena mbaineann.

⁽¹⁾ IO C 128, 12.04.2021